AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2020
COM(2020) 649 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1, 3, 4, 6, Codanna I, II agus III, 10, Imleabhair I agus II, 11, 14, Imleabhair I agus II, 15 agus 16, Imleabhair I, II agus III, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta agus ag Comhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i leith glacadh Leasuithe 46 agus 39 ar Iarscríbhinn 6, Codanna I agus II, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, a bhaineann le cur siar an cheanglais le haghaidh trealamh sa todhchaí le haghaidh taifeadán gutha cúig uair is fiche ó chró an phíolóta chun iarmhairtí neamhbheartaithe mar gheall ar theagmhas a bhaineann le paindéim COVID-19 a chosc.**

# IARSCRÍBHINN

## Na difríochtaí ar gá fógra a thabhairt fúthu don Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil le roinnt Leasuithe arna nglacadh ar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiúin Chicago

### 1. NA DIFRÍOCHTAÍ AR GÁ FÓGRA A THABHAIRT FÚTHU

Le linn an 219ú seisiún de Chomhairle ICAO, a mhair ón 2 Márta go dtí an 20 Márta 2020, glacadh roinnt Leasuithe ar Iarscríbhinní éagsúla a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht, leis an gcomhshaol agus le haerloingseoireacht. Sa chomhthéacs sin, ag féachaint do reachtaíocht ábhartha an Aontais, tabharfar fógra mar seo a leanas do ICAO faoi na difríochtaí.

1.1. Leasú 176 ar Iarscríbhinn 1 maidir le Ceadúnú Pearsanra

Tabharfar fógra faoi na difríochtaí

1.2. Leasú 79 ar Iarscríbhinn 3 maidir le Seirbhísí Meitéareolaíocha um Aerloingseoireacht Idirnáisiúnta

Tabharfar fógra faoi na difríochtaí

1.3. Leasuithe 44, 37, 23 faoi seach ar Chodanna I, II agus III d'Iarscríbhinn 6 maidir le hOibríochtaí Aerárthaí

Cuid I: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí
Cuid II: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí
Cuid III: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí

1.4. Glacadh Leasú 92 ar Iarscríbhinn 10 maidir le Teileachumarsáidí Aerloingseoireachta, Imleabhar I agus Imleabhar II

Imleabhar I: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí
Imleabhar II: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí

1.5. Leasú 52 ar Iarscríbhinn 11 maidir le Seirbhísí Aerthráchta

Tabharfar fógra faoi na difríochtaí

1.6. Leasuithe 15 agus 9 ar Iarscríbhinn 14 maidir le hAeradróim, Imleabhair I agus II

Imleabhar I: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí
Imleabhar II: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí

1.7. Leasú 41 ar Iarscríbhinn 15

Tabharfar fógra faoi na difríochtaí

1.8. Leasuithe 13, 10 agus 1 ar Iarscríbhinn 16 maidir leis an gComhshaol, Imleabhair I, II agus III

Imleabhar I: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí
Imleabhar II: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí
Imleabhar III: Tabharfar fógra faoi na difríochtaí

## 2. SONRAÍ NA NDIFRÍOCHTAÍ A DTABHARFAR FÓGRA FÚTHU

### 2.1. Leasú 176 ar Iarscríbhinn 1 maidir le Ceadúnú Pearsanra

*2.1.1. Tuairisc*

Eascraíonn an leasú ó mholtaí a d'fhorbair tascfhórsa ICAO um Oiliúint agus Measúnú ar Bhonn Inniúlachtaí (CBTA-TF) agus Rúnaíocht ICAO agus baineann an leasú le hailíniú le Leasú 5 ar na Nósanna Imeachta maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta — Oiliúint (PANS-TRG, Doic 9868), sainmhínithe nua, nuashonrú ar riachtanais le haghaidh oifigigh oibríochtaí eitilte/riarthóirí na n-aerárthaí, leasú ar fhorálacha maidir le haerárthaí ingear-chumhachtaithe agus a n-infheidhmeacht a chur ar athló, agus forálacha a thabhairt isteach maidir le teagascóirí oiliúna aerthráchta ar an láthair oibre.

*2.1.2. Dlí Ábhartha an Aontais*

Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún[1]

Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún[2]

*2.1.3. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le leasú 176 ar Iarscríbhinn 1*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí na difríochtaí** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|
| CAIBIDIL 1. SAINMHÍNITHE AGUS RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE CEADÚNAIS<br><br>1.1 Sainmhínithe<br><br>Inniúlacht;<br>Gné Inniúlachta;<br>Aonad Inniúlachta;<br>Bainistiú earráidí; Critéir feidhmiúcháin; Bainistiú bagairtí. | C | Áirítear na sainmhínithe sin i Rialachán (AE) 1178/2011 mar a shonraítear in Iarscríbhinn ICAO 1, an 12ú leagan 2018.<br><br>Níl na sainmhínithe dá dtagraítear le fáil i Rialachán (AE) 2015/340. | Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna eagarthóireachta, tá sé beartaithe leasú ar Rialachán (AE) 1178/2011 a ghlacadh faoi RMT.0587, 'Nuashonrú tráthrialta ar rialacháin maidir le hoiliúint píolótaí, tástáil agus seiceáil, agus leis an bhformhaoirseacht a bhaineann leis sin'.<br>Féachfar ar leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/340 amach anseo faoi RMT.0668, 'Nuashonrú tráthrialta ar na rialacha maidir le ceadúnú rialtóirí aerthráchta'. |

[1] IO L/311, 25/11/2011, lch.1
[2] OJ L63 06.03.2015, lch.1

| | | | |
|---|---|---|---|
| CAIBIDIL 1. SAINMHÍNITHE AGUS RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE CEADÚNAIS<br><br>1.1 Sainmhínithe<br><br>Oiliúint agus Measúnú ar Bhonn Inniúlachta;<br>Caighdeán Inniúlachta;<br>Coinníollacha;<br>Creat Inniúlachta ICAO;<br>Faireachán;<br>Iompar inbhraite (OB);<br>Eitiltí de chuid na bpíolótaí (PF);<br>Faireachán ar na píolótaí (PM). | C | Ní áirítear na sainmhínithe seo i Rialacháin ón Aontas. | Tá sé beartaithe leasú ar Rialachán (AE) 1178/2011 a ghlacadh faoi RMT.0587, 'Nuashonrú tráthrialta ar rialacháin maidir le hoiliúint píolótaí, tástáil agus seiceáil, agus leis an bhformhaoirseacht a bhaineann leis sin'. |
| 2.4.3 Ceanglais shonracha maidir le heisiúint ráta na catagóire eitleán<br><br>2.4.3.1 Taithí<br><br>2.4.3.1.1 Beidh creidmheas teoranta d'uasmhéid 20 uair. | A | Le FCL.315 CPL maille le hAguisín 3 a ghabhann le hIarscríbhinn I (Cuid-FCL) de Rialachán 1178/2011, ceadaítear uasmhéid de 10 n-uair creidmheasa. | |
| 1.2.8.2 agus<br><br>IARSCRÍBHINN 2. EAGRAÍOCHT OILIÚNA FORMHEASTA<br><br>3. Cláir oiliúna | B | FCL.115 LAPL, de FCL.210 PPL, FCL.315 CPL, agus FCL.315(A), FCL.410.A MPL, FCL.515 ATPL, FCL930 FI, FCL.930FI FI, FCL.930.TRI TRI, FCL.930.CRI CRI, FCL930.IRI IRI, FCL930.SFI SFI, FCL930.MCCI MCCI, FCL930.ST STI, FCL.930.MI MI, FCL.930FTI FTI, Aguisín 3 a ghabhann le hIarscríbhinn I, Aguisín 5 a ghabhann le hIarscríbhinn I, agus Aguisín 6 a ghabhann le hIarscríbhinn I d'Iarscríbhinn I (Cuid-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) 2011/1178 ón gCoimisiún maidir le Ceadúnú Foirne Eitilte, áirithíonn siad an tsolúbthacht is gá le haghaidh cláir oiliúna. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| CAIBIDIL 4 CEADÚNAIS AGUS RÁTAÍ LE hAGHAIDH BAILL FOIRNE SEACHAS BAILL FOIRNE EITILTE<br><br>4.4. Ceadúnas le haghaidh rialtóirí aerthráchta<br><br>4.4.1 Ceanglais maidir le heisiúint an cheadúnais<br><br>4.4.1.3 Taithí<br><br>4.4.1.3.1 | C | Ní áirítear an ceanglas maidir le seirbhís 3 mhí i Rialachán (AE) 2015/340. | Féachfar ar leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/340 faoi Thasc Ceaptha Rialacha RMT.0668, 'Nuashonrú tráthrialta ar na rialacha maidir le ceadúnú rialtóirí aerthráchta'. Tá fógra le heisiúint faoi leasú molta (NPA) faoi dheireadh 2020. |
| 4.4.1.3.2 | A | Le rialachán 2015/340 ón Aontas, tugtar aghaidh ar an gcaighdeán dá dtagraítear ar bhealach mionsonraithe maidir le taithí agus oiliúint na dteagascóirí oiliúna ar an láthair oibre. | Níl aon athrú ar Rialachán (AE) 2015/340, foráiltear maidir le Cuid-ATCO. |
| 4.5. Rátaí le haghaidh rialtóirí aerthráchta<br><br>4.5.2 Ceanglais maidir le rátaí le haghaidh rialtóirí aerthráchta<br><br>4.5.2.2 Taithí<br><br>4.5.2.2.1 fomhír b) | B | Le Cuid-ATCO a ghabhann le rialachán 2015/340 ón Aontas, tugtar aghaidh ar an gcaighdeán dá dtagraítear gan ceanglas breise a chur i bhfeidhm. | Níl aon athrú ar Rialachán (AE) 2015/340, foráiltear maidir le Cuid-ATCO. |
| 4.5.2.2.1 fomhír c) | C | Ní cheanglaítear taithí/oiliúint maidir le hAscnamh Radair Faireachais faoi rialacháin an Aontais. | Foráiltear maidir leis an gcaighdeán ar gá aghaidh a thabhairt air san AMC bainteach a ghabhann le Cuid-ATCO de Rialachán (AE) 2015/340 faoi RMT.0668, 'Nuashonrú tráthrialta ar na rialacha maidir le ceadúnú rialtóirí aerthráchta'. Tá fógra le heisiúint faoi leasú molta (NPA) faoi dheireadh 2020. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4.5.2.2.2 | B | Le CUID-ATCO a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340, ní cheanglaítear go ndéanfar iarratas ar ráta laistigh de shé mhí ó cuireadh an taithí i gcrích. Mar sin féin, ceanglaítear faoin rialachán céanna go bhfeidhmeofar na pribhléidí laistigh de theorainn ama nach rachaidh thar 90 lá.<br>Tagraíonn riail ATCO do 1 bhliain amháin, nuair nár fheidhmigh sealbhóir ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta pribhléidí an cheadúnais sin ón dáta a eisíodh an ceadúnas nó nuair a bhí briseadh ar fheidhmiú na bpribhléidí sin ar feadh tréimhse a mhair níos mó ná bliain amháin. I gcás mar sin, ní féidir leis an sealbhóir ceadúnais tús a chur le hoiliúint aonaid sa ráta sin nó leanúint leis an oiliúint sin go dtí go ndéanfar measúnú ar an inniúlacht a bhí aige roimhe sin chun a léiriú an gcomhlíonann sé na ceanglais a bhaineann leis an ráta sin nó nach gcomhlíonann, agus go dtí go gcomhlíonann sé aon cheanglais oiliúna a eascraíonn ón measúnú sin. | |

## 1.2. Leasú 79 ar Iarscríbhinn 3 maidir le Seirbhís Meitéareolaíocha um Aerloingseoireacht Idirnáisiúnta

### *1.2.1. Tuairisc*

An leasú a d'eascair ón gceathrú cruinniú de chuid an Phainéil Meitéareolaíochta (METP/4), baineann sé le samhail ICAO um malartú faisnéise meitéareolaíche (IWXXM), an córas faireacháin bolcán le haghaidh aerbhealaí idirnáisiúnta (IAVW), an córas domhanda um réamhaisnéisí limistéar (WAFS), SIGMET, AIRMET agus GAMET[3].

[3]Tagraítear do AIRMET agus SIGMET i Rialachán (AE) Uimh. 2017/373. Tugann siad faisnéis d'úsáideoirí aerspáis maidir le dálaí meitéareolaíocha áirithe.

Sainmhínítear GAMET i rialacha ICAO. Is é atá ann réamhaisnéis mheitéareolaíoch limistéar i dtaca le réigiún faisnéise eitiltí nó folimistéar ann, i bhfriotal simplí giorraithe le haghaidh eitiltí íos-airde, réamhaisnéis a dhéanann an oifig meitéareolaíochta a ullmhú agus a mhalartú le hoifigí meitéareolaíochta i réigiúin faisnéise

*1.2.2. Dlí Ábhartha an Aontais*

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún[4]

*1.2.3. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le leasú 79 ar Iarscríbhinn 3*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí difríochta** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Caibidil 1. 1.1 'Sainmhínithe'; 'Lárionad comhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach (VAAC)' | C | I rialacha an Aontais, áirítear an téacs 'tar éis brúchtanna bolcánacha' sa sainmhíniú ar 'lárionad comhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach (VAAC)'. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go scriosfar an téacs 'tar éis brúchtanna bolcánacha' ag an am sin a fhágfaidh go mbeidh an sainmhíniú ar 'lárionad comhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach (VAAC)' comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Caibidil 3. 3.4 'Oifigí Faireacháin Mheitéareolaíoch'; foráil nua 3.4.4 | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear an moladh gur cheart d'oifigí faireacháin mheitéareolaíoch SIGMET a chomhordú le MWO máguaird. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin ceanglas atá coibhéiseach le ceanglas Leasú ICAO 79 agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Caibidil 3. 3.7 'Lárionaid chomhairleacha maidir le cioclóin thrópaiceacha'; foráil 3.7 b). | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear an ceanglas maidir le hathruithe ar dhéine tráth a dhéanfar breathnóireacht (ar chioclón trópaiceach) a chur san áireamh. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin an ceanglas maidir le hathruithe ar dhéine tráth a dhéanfar breathnóireacht (ar chioclón trópaiceach) a chur san áireamh agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |

eitiltí máguaird, mar a chomhaontaíonn na húdaráis mheitéareolaíochta lena mbaineann le chéile agus is é an t-údarás meitéareolaíochta a ainmníonn an oifig meitéareolaíochta. Maidir le reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh, déantar tagairt do 'réamhaisnéis mheitéareolaíoch limistéar le haghaidh eitiltí íos-airde' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I (Sainmhínithe) a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373.

[4] IO L62 8.3.2017, lgh-1.

| | | | |
|---|---|---|---|
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 1. 'Cairteacha samhlacha agus foirmeacha'; MODEL VAG agus MODEL SVA). | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear na cairteacha samhlacha (samplacha) nuashonraithe a léiríonn teilgean Steiréagrafach Mercator agus Polach i bhformáid ghrafach le haghaidh teachtaireacht chomhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach agus maidir le SIGMET. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin cairteacha samhlacha (samplacha) nuashonraithe a léiríonn teilgean Steiréagrafach Mercator agus Polach agus beidh siad comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; 1.2 'Réamhaisnéisí aeir uachtair ar phointí greille', foráil 1.2.1 | C | I rialacha an Aontais, tá na difríochtaí seo a leanas ann i ndáil leis an bhforáil seo:<br>1) Áirítear an tagairt do 'gan scamaill' agus 'laistigh de scamall' (i gcomhthéacs suaiteachta);<br>2) Scaiptear na réamhaisnéisí de réir mar a tháirgtear iad; agus,<br>3) Cuirfear an scaipeadh sin i gcrích 6 n-uair an chloig tar éis an trátha chaighdeánaigh breathnóireachta. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus faoin am sin tá coinne leis go n-áireofar;<br>1) scriosadh 'gan scamaill' agus 'laistigh de scamall';<br>2) scriosadh oird shonraithe scaipthe; agus,<br>3) tabhairt i gcrích an scaipthe faoi 5 uair an chloig<br>agus go mbeidh siad comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; 1.2 'Réamhaisnéisí aeir uachtair ar phointí greille', ar fhoráil 1.2.2 g) | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear sraitheanna nua suaiteachta atá i lár leibhéil eitilte 100 (700 hPa), 140 (600 hPa), 180 (500 hPa). | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin na sraitheanna nua suaiteachta atá i lár leibhéil eitilte 100 (700 hPa), 140 (600 hPa), 180 (500 hPa), lena n-áirítear Nótaí gaolmhara, agus beidh siad comhsheasmhach le Leasú IACO 79. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; 1.3 'Réamhaisnéisí aimsire suntasaí (SIGWX)', ar fhoráil 1.3.1.1 | C | I rialacha an Aontais, ní thugtar i gcrích scaipeadh na réamhaisnéisí aimsire suntasaí (SIGWX) níos déanaí ná 9 n-uair tar éis an tráth caighdeánaigh breathnóireachta. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin ceanglas maidir le scaipeadh a chur i gcrích, faoi cheann 7 n-uair an chloig le linn gnáthoibríochtaí, agus faoi cheann 9 n-uair an chloig tar éis an trátha chaighdeánaigh breathnóireachta le linn oibríochtaí cúltaca, agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; 1.3 'Réamhaisnéisí aimsire suntasaí (SIGWX)', ar fhoráil 1.3.1.3 | C | I rialacha an Aontais, agus aird á tabhairt ar infheidhmeacht iarchurtha Leasú ICAO (an 4 Samhain 2021), níl aon cheanglas ar Lárionaid Dhomhanda um Réamhaisnéisí Limistéar (WAFCanna) réamhaisnéisí SIGWX a eisiúint i bhfoirm chód IWXXM. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin ceanglas ar WAFCanna réamhaisnéisí SIGWX a eisiúint i bhfoirm chód IWXXM agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; 2.1 'Úsáid tháirgí an Chórais Dhomhanda um Réamhaisnéisí Limistéar (WAFS)', foráil 2.1.2 | C | Níl an fhoráil in trasuite i Rialacha an Aontais. Dá réir sin, agus aird á tabhairt ar infheidhmeacht iarchurtha Leasú ICAO (an 4 Samhain 2021), níl aon cheangal ar oifigí meitéareolaíocha aeradróm sonraí IWXXM a fhaightear ó na WAFCanna a dhíchódú go cairteacha caighdeánacha WAFCanna. | Níl faisnéis sainráite i MET.TR.215 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún maidir le húsáid táirgí WAFCanna a úsáidtear chun faisnéis mheitéareolaíoch a chuirtear ar fáil chun doiciméad eitilte a ullmhú. Ní fhoráiltear athrú a dhéanamh ar Rialachán (AE) uimh. 2017/373 i ndáil leis sin. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; 2.2 'Fógra a thabhairt do WAFC maidir le neamhréireachtaí suntasacha', foráil 2.2 | C | I rialacha an Aontais, agus aird á tabhairt ar infheidhmeacht iarchurtha Leasú ICAO (an 4 Samhain 2021), níl aon cheangal ar oifigí meitéareolaíocha aeradróm fógra a thabhairt faoi neamhréireachtaí suntasacha agus sonraí IWXXM ón WAFC lena mbaineann á n-úsáid acu. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin ceanglais ar an soláthraí seirbhísí meitéareolaíocha (agus ní ar oifigí meitéareolaíocha aeradróm amháin) fógra a thabhairt don WAFC lena mbaineann maidir le neamhréireachtaí suntasacha agus sonraí IWXXM á n-úsáid acu, agus beidh siad comhsheasmhach le Leasú ICAO |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; Tábla A2-1 'Teimpléad le haghaidh teachtaireacht chomhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach' | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear sa teimpléad na treoracha maidir le tagairtí do 'ANAITHNID' i gcás na ranna den teachtaireacht chomhairleach a bhaineann le 'Stát/Réigiún'. Na tagairtí do; ingearchló (dromchla) 'SFC' agus 'ANAITHNID' sa roinn maidir le 'Ingearchló mullaigh', ní áirítear iad. Ní áirítear samplaí agus fonótaí a bhaineann le luaithreamhán bolcánach 'ATH-FHUAIDREÁNACH' . | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin na forálacha maidir le tagairtí do 'ANAITHNID' sa roinn a bhaineann le Stát/Réigiún; d'ingearchló (dromchla) 'SFC' agus 'ANAITHNID' sa roinn maidir le 'ingearchló mullaigh'; agus do shamplaí lena n-áirítear luaithreamhán bolcánach 'ATH-FHUAIDREÁNACH', agus beidh siad comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; Tábla A2-1 'Teimpléad le haghaidh teachtaireacht chomhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach' | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear athruithe ar an 'uimhir bholcáin' sa sampla. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin an t-athrú ar an 'uimhir bholcáin' sa sampla agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú 79. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; Tábla A2-2 'Teimpléad le haghaidh teachtaireacht chomhairleach maidir le cioclón trópaiceach' | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear an méid seo a leanas sa teimpléad:<br>1) forálacha maidir le hathrú ar dhéine tráth a dhéanfar breathnóireacht ar an gcioclón trópaiceach a chur san áireamh;<br>2) an rogha 'NIL' a chur san áireamh maidir le cumalainimbeas (CB) braite. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin na forálacha maidir le hathruithe ar dhéine tráth a dhéanfar breathnóireacht ar an gcioclón trópaiceach maille leis an rogha 'NIL' maidir le cumalainimbeas (CB) braite a chur san áireamh, agus beidh siad comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; Tábla A2-2 'Teimpléad le haghaidh teachtaireacht chomhairleach maidir le cioclón trópaiceach' | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear sa sampla nuashonraithe an mhír ina dtugtar aird ar athrú ar dhéine tráth a dhéanfar breathnóireacht ar an gcioclón trópaiceach. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin an mhír ina dtugtar aird ar athrú ar dhéine tráth a dhéanfar breathnóireacht ar an gcioclón trópaiceach agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 2; Tábla A2-3 'Teimpléad le haghaidh teachtaireacht chomhairleach maidir le cioclón trópaiceach' | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear faoi láthair an fheidhm atá ag lárionaid aimsire spáis – agus dá bhrí sin ní áirítear Tábla A2-3. | Leanfaidh EASA de bheith ag déanamh faireacháin ar fhorbairtí i soláthar na haimsire spáis. Faoi láthair, níl aon chlársceideal ionchasach maidir leis an bhfeidhm atá ag lárionaid aimsire spáis a chur san áireamh i rialacha an Aontais. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 3; Tábla A3-2 'Teimpléad le haghaidh teachtaireacht chomhairleach maidir le METAR agus SPECI | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear go sonrach úsáid *solidi* ('/') mar léiriú ar 'sonraí ar lár'. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021 agus faoin am sin beidh machnamh déanta ar úsáid *solidi* ('/') a áireamh i rialacha an Aontais mar léiriú ar 'sonraí ar lár' i gcomhthéacs an Aontais. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 4; 2.6 'Suaiteacht', foráil 2.6.2 | C | Níl Caibidil 5 agus Iarscríbhinn 4 a bhaineann le hIarscríbhinn 3 de chuid ICAO trasuite i rialacháin ón Aontais. | Na forálacha maidir le suaiteacht a thuairisciú i ndáil le 'ráta ídithe guairneán' (EDR), cumhdófar iad faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún (SERA) lena dtugtar aghaidh ar bhreathnóireacht aerárthaí agus tuairiscí glórchumarsáide faoi thasc ceaptha rialacha 0476, Nuashonrú Tráthrialta ar SERA. Féachfar ar na forálacha a bhaineann le cumarsáid nasctha sonraí freisin i gcreat an taisc atá beartaithe maidir le hoibríochtaí nasctha sonraí. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 4; 2.6 'Suaiteacht', foráil 2.6.3 | C | Níl Caibidil 5 ná Iarscríbhinn 4 a bhaineann le hIarscríbhinn 3 de chuid ICAO trasuite i rialacháin ón Aontais. | Na forálacha maidir le suaiteacht a thuairisciú i ndáil le 'ráta ídithe guairneán' (EDR), cumhdófar iad faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún (SERA) lena dtugtar aghaidh ar bhreathnóireacht aerárthaí agus tuairiscí glórchumarsáide faoi thasc ceaptha rialacha 0476, Nuashonrú Tráthrialta ar SERA. Féachfar ar na forálacha a bhaineann le cumarsáid nasctha sonraí freisin i gcreat an taisc atá beartaithe maidir le hoibríochtaí nasctha sonraí. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 4; Tábla A4-1 'Teimpléad le haghaidh na haerthuarascála speisialta (íosnasc) | C | Níl Caibidil 5 ná Iarscríbhinn 4 a bhaineann le hIarscríbhinn 3 de chuid ICAO trasuite i rialacháin ón Aontais. | Na forálacha maidir le suaiteacht a thuairisciú i ndáil le 'ráta ídithe guairneán' (EDR), cumhdófar iad faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún (SERA) lena dtugtar aghaidh ar bhreathnóireacht aerárthaí agus tuairiscí glórchumarsáide faoi thasc ceaptha rialacha 0476, Nuashonrú Tráthrialta ar SERA. Féachfar ar na forálacha a bhaineann le cumarsáid nasctha sonraí freisin i gcreat an taisc atá beartaithe maidir le hoibríochtaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | nasctha sonraí. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 5; 4.4 'Malartú' agus scaipeadh réamhaisnéisí limistéar le haghaidh eitiltí íos-airde', foráil nua 4.4.2 | C | I rialacha an Aontais, níl aon tagairt do scaipeadh réamhaisnéisí limistéar le haghaidh eitiltí íos-airde ar sheirbhísí Idirlín de chuid na seirbhíse fosaithe aerloingseoireachta. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin scaipeadh na réamhaisnéisí limistéar le haghaidh eitiltí íos-airde ar sheirbhísí Idirlín de chuid na seirbhíse fosaithe aerloingseoireachta, agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 6; 4.2 'Critéir a bhaineann le feiniméan, lena n-áirítear i dteachtaireachtaí SIGMET agus AIRMET agus in aerthuarascálacha speisialta (uasnasc)', forail nua 4.2.6 | C | I rialacha an Aontais, is 0.7 agus 0.4 iad na tairsí níos ísle faoi seach le haghaidh diansuaitheachta agus suaiteacht mheasartha. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-athrófar ag an am sin na tairsí níos ísle le haghaidh diansuaitheachta agus suaiteacht mheasartha chuig 0.45 agus 0.20 faoi seach agus beidh siad comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 6; Tábla A6-1A 'Teimpléad le haghaidh SIGMET agus AIRMET' | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear forálacha maidir leis an méid seo a leanas:<br>1) cumalainimbeas (CB) a shainaithint in éineacht le réamhaisnéis suímh cioclóin thrópaicigh agus na fonótaí a ghabhainn leis; agus,<br>2) athbhreithniú ar fhonótaí a bhaineann le SIGMET le haghaidh scamall radaighníomhach. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin an fhoráil maidir leis an méid seo a leanas:<br>1) CB a shainaithint i gcomhréir le réamhaisnéis suímh cioclóin thrópaicigh agus na fonótaí a ghabhann leis; agus,<br>2) athbhreithniú ar fhonótaí a bhaineann le SIGMET le haghaidh scamall radaighníomhach,<br>agus beidh siad comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 6; Tábla A6-1B 'Teimpléad le haghaidh aerthuarascálacha speisialta (uasnasc)' | C | I rialacha an Aontais:<br>1) ní áirítear 'stoirm mhór dheannaigh' (HVY DS); agus,<br>2) ní áirítear 'Braite' i ndáil le 'Suíomh' agus 'Leibhéal'. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021 agus faon am sin beidh machnamh déanta ar thábhacht na n-aerthurascálacha speisialta (uasnasc) i gcomhthéacs oibríochtaí an Aontais a áireamh i Rialachán (AE) 2017/373. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 6; Sampla A6-4, 'Teachtaireacht SIGMET maidir le scamall radaighníomhach' | C | I rialacha an Aontais, ní ghlactar foirmliú ICAO le haghaidh theachtaireacht SIGMET maidir le scamall radaighníomhach. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis go n-áireofar ag an am sin foirmliú ICAO le haghaidh theachtaireacht SIGMET maidir le scamall radaighníomhach, agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 8; 2.2 'Foirmliú faisnéise faoi aimsir shuntasach' foráil 2.2.1 | B | I rialacha an Aontais, ní dhéantar idirdhealú idir ullmhúchán réamheitilte agus ullmhúchán le linn eitilte i ndáil leis sin. | Ní fhoráiltear athrú a dhéanamh ar Rialachán (AE) uimh. 2017/373 i ndáil leis sin. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| IARSCRÍBHINN 3, Leasú 79, Aguisín 8; 2.2 'Foirmliú faisnéise faoi aimsir shuntasach' foráil agus 2.2.2 | C | I rialacha an Aontais, agus aird á tabhairt ar an infheidhmeacht iarchurtha (an 4 Samhain 2021), ní áirítear an moladh go mba cheart an fhaisnéis faoi aimsir shuntasach arna soláthar ag na WAFCanna a bheith i bhfoirm chód IWXXM. | Tá sé beartaithe an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/373 a ghlacadh faoi R3 2021, agus tá coinne leis, agus aird á tabhairt don infheidhmeacht iarchurtha (an 4 Samhain 2021), go n-áireofar ag an am sin an moladh go mba cheart do WAFCanna faisnéis faoi aimsir shuntasach a eisiúint i bhfoirm chód IWXXM agus beidh sé comhsheasmhach le Leasú ICAO 79. |

## 1.3. Leasuithe 44, 37, 23 faoi seach ar Chodanna I, II agus III d'Iarscríbhinn 6 maidir le hOibríochtaí Aerárthaí

### *1.3.1. Tuairisc*

Leasú 44 ar Iarscríbhinn 6, Cuid I, baineann sé le limistéir choinbhleachta, oibríochtaí uile-aimsire, comhchuibhiú na dtéarmaí le haghaidh údaruithe, glacadh agus formheasanna (AAA), urrann lasta, córas réamhrabhaidh neasachta talaimh (GPWS), seaicéid tarrthála, Airteagal 83 *bis*, taifeadáin eitilte, taifead teachtaireachtaí cumarsáide nasctha sonraí, agus suíomh aerárthaigh in anacair.

Leasú 37 ar Iarscríbhinn 6 Cuid II, baineann sé le hoibríochtaí uile-aimsire, comhchuibhiú na dtéarmaí le haghaidh údaruithe, glacadh agus formheasanna (AAA), Airteagal 83 *bis*, taifeadáin eitilte, agus taifead teachtaireachtaí cumarsáide sonraí nasctha.

Leasú 23 ar Iarscríbhinn 6 Cuid III, baineann sé le hoibríochtaí uile-aimsire, comhchuibhiú na dtéarmaí le haghaidh údaruithe, glacadh agus formheasanna (AAA), Airteagal 83 *bis*, forbairt cóid feidhmiúcháin le nochtadh le haghaidh héileacaptar, taifeadáin eitilte, agus taifead teachtaireachtaí cumarsáide nasctha sonraí.

### *1.3.2. Dlí Ábhartha an Aontais*

Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún[5]

### *1.3.3. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le Leasú 44 ar Chuid I d'Iarscríbhinn 6*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí difríochta** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|
| 4.2.8.1.1 | C | Arna cur chun feidhme go páirteach.<br>Ní fhaigheann CVS creidmheasanna oibríochtúla.<br>Faoi Rialachán (AE) 965/2012 faoi láthair, ceadaítear creidmheasanna oibríochtúla le haghaidh HUD agus EVS | |

[5] IO L 296 25.10.2012 lgh. 1.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | amháin. | |
| 4.2.8.2 | C | Arna cur chun feidhme go páirteach.<br>Níl na gnéithe nua arna dtabhairt isteach sa chaighdeán trasuite go fóill i rialacha an Aontais. | |
| 4.3.4.1.2 | C | Arna cur chun feidhme go páirteach. I rialacha an Aontais, úsáidtear coincheap ETOPS seachas EDTO. | Tá sé beartaithe na caighdeáin EDTO a thrasuí i Rialachán (AE) 965/2012 trí RMT.0392. |
| 4.7.2.1 | C | Níor cuireadh chun feidhme. Ní úsáidtear EDTO i Rialachán (AE) 965/2012. Ina ionad sin, úsáidtear coincheap ETOPS. | Tá sé beartaithe na caighdeáin EDTO a thrasuí i Rialachán (AE) 965/2012 trí RMT.0392. |
| 4.7.2.2 | C | Níor cuireadh chun feidhme. Ní úsáidtear EDTO i Rialachán (AE) 965/2012. Ina ionad sin, úsáidtear coincheap ETOPS. | Tá sé beartaithe na caighdeáin EDTO a thrasuí i Rialachán (AE) 965/2012 trí RMT.0392. |
| 4.7.2.3 | C | Níor cuireadh chun feidhme. Ní úsáidtear EDTO i Rialachán (AE) 965/2012. Ina ionad sin, úsáidtear coincheap ETOPS. | Tá sé beartaithe na caighdeáin EDTO a thrasuí i Rialachán (AE) 965/2012 trí RMT.0392. |
| 4.7.2.4 | C | Níor cuireadh chun feidhme. Ní úsáidtear EDTO i Rialachán (AE) 965/2012. Ina ionad sin, úsáidtear coincheap ETOPS. | Tá sé beartaithe na caighdeáin EDTO a thrasuí i Rialachán (AE) 965/2012 trí RMT.0392. |
| 4.7.2.6 | C | Níor cuireadh chun feidhme. Ní úsáidtear EDTO i Rialachán (AE) 965/2012. Ina ionad sin, úsáidtear coincheap ETOPS. | Tá sé beartaithe na caighdeáin EDTO a thrasuí i Rialachán (AE) 965/2012 trí RMT.0392. |
| 6.1.5.1 | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |
| 6.1.5.2 | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6.1.5.3 | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |
| 6.1.5.4 Moladh | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |
| 6.3.3.1.1 | A | Níos Déine nó Sáraítear. Faoi CAT.IDE.A.195 (a) de Rialachán (AE) 965/2012 ceanglaítear taifead a dhéanamh de chumarsáid nasctha sonraí i gcás eitleán a n-eisíodh deimhniú aeracmhainneachta (CofA) sonrach dóibh ar an 08 Aibreán 2014 nó tar éis sin. | |
| 6.3.3.1.2 | C | Níor cuireadh chun feidhme. Sa bhreis air sin, níl feidhm ag CAT.IDE.A.195(a) de Rialachán (AE) 965/2012 ach amháin maidir le heitleáin a n-eisíodh Deimhniú Aeracmhainneachta (CofA) ar leith dóibh den chéad uair ar an 8 Aibreán 2014 nó tar éis sin. Ní cheanglaítear trealamh taifeadta nasctha sonraí a iarfheistiú. | |
| 6.3.3.1.3 Moladh | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |
| 6.18.1 | C | Arna cur chun feidhme go páirteach.<br>Níl feidhm ag CAT.GEN.MPA.210 de Rialachán (AE) 965/2012 maidir le heitleáin a bhfuil MCTOM níos lú ná 45 500 kg agus MOPSC níos lú ná 19 acu.<br>Sa bhreis air sin, níl feidhm ag CAT.GEN.MPA.210 ach amháin maidir le heitleáin a n-eiseofar Deimhniú Aeracmhainneachta (CofA) ar leith dóibh ar an 1 Eanáir 2023 nó tar éis sin. | |
| 6.18.2 Moladh | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Aguisín 8<br><br>1.6 | C | Níor cuireadh chun feidhme. Má úsáidtear ADRS, níl aon cheanglas ag an Aontas faoi láthair lena dtugtar aghaidh ar iontaofacht a fhoinse cumhachta | Tabharfar fógra faoi na difríochtaí i ndáil le Caighdeán 6.3.1.1.1 |
| Aguisín 10 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |

*1.1.4. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le Leasú 37 ar Cuid II d'Iarscríbhinn 6*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí difríochta** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|
| 2.2.2.2.1.1 | C | Arna cur chun feidhme go páirteach. Ní fhaigheann CVS creidmheasanna oibríochtúla.<br>Faoi Rialachán (AE) 965/2012 faoi láthair, ceadaítear creidmheasanna oibríochtúla le haghaidh HUD agus EVS amháin. | |
| 2.4.16.2.1 | C | Arna cur chun feidhme go páirteach. | Níl aon cheanglas maidir le taifeadán eitilte a bheith ar bord in Cuid-NCO |
| 2.4.18.1 | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |
| 2.4.18.2 | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |
| 2.4.18.3 | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |
| 2.4.18.4 | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |
| Aguisín 2.5 | C | Níor cuireadh chun feidhme. | |

*1.1.5. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le Leasú 23 ar Chuid III d'Iarscríbhinn 6*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí difríochta** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2.2.8.1.1 | C | Arna cur chun feidhme go páirteach. Ní fhaightear creidmheasanna oibríochtúla le CVS.<br>Faoi Rialachán (AE) 965/2012 faoi láthair, ceadaítear creidmheasanna oibríochtúla le haghaidh HUD agus EVS amháin. | |
| 2.2.8.2 | C | Arna cur chun feidhme go páirteach<br>Níl na gnéithe nua arna dtabhairt isteach sa chaighdeán trasuite go fóill i rialacha an Aontais. | |
| 4.1.5.1 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.1.5.2 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.1.5.3 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.1.5.4 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.3.3.1.2 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.3.3.1.2.4 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.7.3.1.1.1 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.13.1 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.13.2 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.13.3 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| 4.13.4 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |
| Aguisín 4 1.6 | C | Níor cuireadh chun feidhme. Má úsáidtear ADRS, níl aon cheanglas ón Aontas faoi láthair lena dtugtar aghaidh ar iontaofacht a fhoinse chumhachta | Ba cheart fógra a thabhairt faoi na difríochtaí i ndáil le Caighdeán 4.3.1.1.4 |
| Aguisín 6 | C | Níor cuireadh chun feidhme | |

## 1.4. Leasú 92 ar Iarscríbhinn 10 maidir le Teileachumarsáidí Aerloingseoireachta, Imleabhar I agus Imleabhar II

### *1.4.1. Tuairisc*

Imleabhar I: Baineann an Leasú le córas domhanda loingseoireachta satailíte (GNSS) agus gnáth-áiseanna aerloingseoireachta, leasú a tháinig aníos ón gceathrú cruinniú den Phainéal um Chórais Aerloingseoireachta agus ón gcúigiú cruinniú (NSP/4 agus 5). Sa Leasú, tugtar aghaidh ar na nithe seo a leanas: (a) catagóirí feidhmíochta saoráidí sa córas tuirlingthe le hionstraimí (ILS); (b) soláthar na faisnéise faoi stádas oibriúcháin seirbhísí raidió aerloingseoireachta; (c) forálacha maidir le nuashonrú ar an gcóras méadúcháin bunaithe ar shatailítí (SBAS) chun soláthraithe seirbhísí nua SBAS a thabhairt isteach, aitheantóir caighdeánach nua don Am Uilíoch Lárnach (UTC), agus ceanglais maidir le monatóireacht a dhéanamh ar eisiúint sonraí (IOD) ón gCóras Suite Domhanda (GPS); (d) forálacha maidir lena áirithiú go mbeidh an córas méadúcháin ar an talamh (GBAS) le haghaidh craoltóireacht sonraí (VDB) ardmhinicíochta (VHF) comhoiriúnach le raon raidió uilethreoch (VOR) ILS agus VHF; (e) soiléirithe agus ceartúcháin i ndáil le forálacha GBAS; agus (f) treoir bhreise faoi theorainneacha sláine réamhrabhaidh GNSS.

Imleabhar II: Baineann an Leasú le samhail ICAO um malartú faisnéise meitéareolaíche (IWXXM), líonra teileachumarsáidí fosaithe aerloingseoireachta (AFTN), agus seirbhís fhosaithe aerloingseoireachta (AFS).

### *1.4.2. Dlí Ábhartha an Aontais*

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún[6]

### *1.4.3. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le Leasú 92 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar I*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí difríochta** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn 10, Imleabhar I, Leasú 92 | C | Le Rialachán (AE) 2017/373 tagraítear d'Iarscríbhinn 10, Imleabhar I de chuid ICAO suas go Leasú 89 amháin agus an leasú sin san áireamh. | Bainfear comhlíonadh amach nuair a leasófar pointe CNS.TR.100 de Rialachán (AE) 2017/373 faoi RMT.0719 'Nuashonrú tráthrialta ar rialacha ATM/ANS (IR/AMC/GM)' de réir an sceidil a shonraítear in EPAS féin. |

*1.1.0.*

### *1.1.4. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le Leasú 92 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar II*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí difríochta** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|

[6] IO L62 8.3.2017, lgh-1.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn 10 Imleabhar II, Leasú 92, Caibidil 4 4.3 | C | Le Rialachán (AE) 2017/373 tagraítear d'Iarscríbhinn 10, Imleabhar I de chuid ICAO suas go Leasú 89 amháin agus an leasú sin san áireamh. | Bainfear comhlíonadh amach nuair a leasófar pointe CNS.TR.100 de Rialachán (AE) 2017/373 faoi RMT.0719 'Nuashonrú tráthrialta ar rialacha ATM/ANS (IR/AMC/GM)' de réir an sceidil a shonraítear in EPAS féin. |

## 1.5. Leasú 52 ar Iarscríbhinn 11 maidir le Seirbhísí Aerthráchta

### *1.5.1. Tuairisc*

Baineann na Leasuithe le pleanáil theagmhasach i leith limistéir ina bhfuil coinbhleacht. Tá na Leasuithe sin bunaithe ar na moltaí sábháilteachta a rinne Bord Sábháilteachta na hÍsiltíre tar éis thionóisc Eitilt 17 de chuid Malaysia Airlines (MH17) agus tá siad bunaithe ar na moltaí a rinne an Tascfhórsa maidir le Rioscaí a bhaineann le hEitlíocht Shibhialta de dheasca limistéir ina bhfuil coinbhleacht (TF RCZ) (C-DEC 203/1). Baineann an Leasú le leasuithe i bhfoirm forála nua maidir le haisléamh ó thiománaithe feithiclí oibríochtúla.

### *1.5.2. Dlí Ábhartha an Aontais*

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún[7]

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún[8]

Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún[9]

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún[10]

### *1.5.3. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le Leasú 52 ar Iarscríbhinn 11*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí difríochta** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn 11 Leasú 52, Caibidil 2.19, Pointe 2.19.3 | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear an ceanglas ar an údarás ATS iomchuí maidir lena áirithiú go ndéanfar measúnú riosca um shábháilteacht agus go gcuirfear chun feidhme na bearta um maolú riosca is iomchuí. | Tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2017/373 faoi RMT.0719 'Nuashonrú tráthrialta ar na rialacha maidir le bainistíocht aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta' agus is féidir an sceideal a leanúint sa Phlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EPAS). |

[7] IO L62 8.3.2017, lgh-1.
[8] IO L 104 3.4.2020 lgh. 1
[9] IO L 44 14.2.2020 lgh. 1
[10] IO L 281, 13.10.2012, lgh. 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn 11 Leasú 52, Caibidil 2.19, Pointe 2.19.3.1 | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear an ceanglas atá ar an mBallstát nósanna imeachta a bhunú ionas gur fearr is féidir na tosca tábhachtacha uile atá ábhartha ó thaobh sábháilteachta a mheas sa mheasúnú riosca um shábháilteacht. | Tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2017/373 faoi RMT.0719 'Nuashonrú tráthrialta ar na rialacha maidir le bainistíocht aerthrách ta/seirbhísí aerloingseoireachta' agus is féidir an sceideal a leanúint sa Phlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EPAS). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn 11 Leasú 52, Caibidil 3, Pointe 3.7.3.3 | A | Sa togra le haghaidh leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a bhfuil coinne leis go bhfoilseofar é faoi dheireadh 2020, tá na forálacha seo a leanas:<br>*"(3) Tiománaithe feithicle a bhfuil raidió feistithe inti, atá ag feidhmiú sa limistéar ainlithe nó a bhfuil sé beartaithe acu feidhmiú ann, déanfaidh siad an chuid de na treoracha a bhaineann le sábháilteacht agus a tarchuireadh de ghlór a aisléamh do lucht na seirbhísí aerthráchta. Treoracha maidir le dul isteach ar aon bhealach innlithe chuig rúidbhealach nó ar aon stráice rúidbhealaigh, nó maidir le stopadh rompu, dul trasna iad nó feidhmiú orthu, déanfar iad a aisléamh i gcónaí;*<br>*(4) Treoracha seachas na cinn a luaitear i bpointe (3), déanfar iad a aisléamh do lucht na seirbhísí aerthráchta nó déanfar iad a dheimhniú ar bhealach a léiríonn go soiléir gur tuigeadh agus go gcomhlíonfar iad."*<br><u>Téacs ICAO</u>:<br>Tiománaí na feithicle atá ag feidhmiú nó a bhfuil beartaithe aige feidhmiú sa limistéar ainlithe, aisléamhfaidh sé don rialtóir aerthráchta an chuid de na treoracha a bhaineann le sábháilteacht agus a tarcuireadh le glór e.g. treoracha maidir le dul isteach ar aon rúidbhealach oibríochtúil nó ar aon bhealach innlithe nó maidir le stopadh rompu, dul trasna iad nó feidhmiú orthu. | Tá coinne leis go mbeidh Rialachán an Aontais níos déine toisc go measter go mba cheart na ceanglais atá ar thiománaithe feithiclí a bheith lán chomh cruinn agus atá na ceanglais atá ar an bhfoireann eitilte.<br>Féadfar na ceanglais chomhfhreagracha i Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a mhacasamhlú i Rialachán (AE) 923/2012 i bpointe SERA.8015(e) trí RMT.0476 'Nuashonrú tráthrialta ar riail SERA (IR/AMC/GM)' agus tá sé beartaithe go mbeidh sé infheidhme i R4 2023. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn 11, Leasú 52, Caibidil 3, Pointe 3.7.3.4 | C | I rialacha an Aontais, ní áirítear an ceanglas atá ar an rialtóir éisteacht siar le haisléamh thiománaí na feithicle. | Féachtar ar leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 923/2012 trí RMT.0476 'Nuashonrú tráthrialta ar riail SERA (IR/AMC/GM)' agus tá sé beartaithe go mbeidh sé infheidhme i R4 2023, agus faoin am sin beidh an ceanglas atá ar an rialtóir éisteacht le haisléamh thiománaí na feithicle comhsheasmhach le Leasú 52. |

## 1.6. Leasuithe 15 agus 9 ar Iarscríbhinn 14 maidir le hAeradróim, Imleabhar I agus Imleabhar II

*1.6.1. Tuairisc*

Imleabhar I: Baineann an Leasú le dearadh agus oibríochtaí aeradróm agus áiseanna amhairc le haghaidh aerloingseoireachta.

Imleabhar II: Baineann an Leasú le modhnuithe ar dhearadh aeradróm agus ar shonraíochtaí oibríochta a tháinig ón tríú cruinniú de chuid an Phainéil um Dhearadh agus Oibríochtaí Aeradróm (ADOP/3) agus ón ochtú cruinniú de chuid PANS-Grúpa Staidéir Aeradróm (PASG/8).

*1.6.2. Dlí Ábhartha an Aontais*

Imleabhar I: Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún[11] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún[12]

Imleabhar II: Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún[13]

*1.6.3. Tábla na ndifríochtaí a fhógrófar maidir le Leasú 15 ar Iarscríbhinn 14, Imleabhar I*

| **Foráil Iarscríbhinne** | **Catagóir difríochtaí** | **Sonraí difríochta** | **Tráchtanna** |
|---|---|---|---|
| 1.1.7. Nithe a shuiteáil ar rúidbhealaí | A | Tá luachanna níos airde ag baint leis na sonraíochtaí deimhniúcháin le haghaidh cineálacha áirithe rúidbhealaí | Tá sé beartaithe an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |
| 3.6.3 Leithead na nglanbhealaí | A | Tá luach níos airde ag baint leis an tsonraíocht deimhniúcháin reatha le haghaidh cineálacha áirithe rúidbhealaí | Déanfaidh EASA a mhachnamh ar an ngá atá ann an tsonraíocht deimhniúcháin a leasú |

[11] IO L 44 14.2.2020 lgh. 1
[12] IO L62 8.3.2017, lgh-1.
[13] IO L 44 14.2.2020 lgh. 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3.12.6 Bánna coinneála aerárthaí, suíomhanna coinneála aerárthaí roimh an rúidbhealach, suíomhanna coinneála aerárthaí atá i mbun innealta, agus suíomhanna coinneála bóithre | B | Sa tsonraíocht deimhniúcháin atá ann faoi láthair, ní dhéantar soiléiriú maidir le rún na sonraíochta i ndáil leis an dromchla aistrithe laistigh | Tá sé beartaithe an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |
| 3.12.8 Bánna coinneála aerárthaí, suíomhanna coinneála aerárthaí roimh an rúidbhealach, suíomhanna coinneála aerárthaí atá i mbun innealta, agus suíomhanna coinneála bóithre | C | Tá an fhoráil seo trasuite mar GM | Féadfar an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |
| 5.3.23.4 Soilse cosanta an rúidbhealaigh | C | Ní thugann na forálacha reatha aghaidh ar an tsonraíocht seo | Tá sé beartaithe an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |
| 5.3.23.5 Suíomh shoilse cosanta an rúidbhealaigh | C | Ní thugann na forálacha reatha aghaidh ar an tsonraíocht seo | Tá sé beartaithe an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |
| 5.3.23.6 Suíomh shoilse cosanta an rúidbhealaigh | C | Ní thugann na forálacha reatha aghaidh ar an tsonraíocht seo | Tá sé beartaithe an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |
| 5.3.23.10 Gnéithe shoilse cosanta an rúidbhealaigh | B | Tugann an tsonraíocht deimhniúchán reatha aghaidh ar an bhforáil seo ar shlí eile | Tá sé beartaithe an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |
| 5.3.29.3 Suíomh an bharra coisc ar iontráil | C | Ní thugann na forálacha reatha aghaidh ar an tsonraíocht seo | Tá sé beartaithe an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |
| 5.3.29.8 Gnéithe an bharra coisc ar iontráil | B | Tugann na sonraíochtaí deimhniúchán reatha aghaidh ar an bhforáil seo ar shlí eile | Tá sé beartaithe an fhoráil a ghlacadh faoi R3/ 2021 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5.4.1 Tábla 5-5 | A | Sa tsonraíocht reatha déantar foráil maidir le hairde aghaidhe níos mó ar chomharthaí | Tá sé beartaithe an fhoráil sin a choinneáil |
